2002 Census

An tEolas chun an Todhchaí a Threorú

# Ciall a bhaint asainn féin

## Clár Daonáirimh don Idirbhliain



Ábhar Acmhainne atá curtha le chéile do mhúinteoirí Idirbhliana mar ullmhúchán do Lá an Daonáirimh, 28 Aibreán 2002

Is mian leis an bPríomh-Oifig Staidrimh aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne Pauline McKenna leis an ábhar acmhainne seo a scríobh

Buíochas faoi leith freisin le Sheila Mc Manamly, Seirbhís Tacaíochta do Churaclam na hIdirbhliana as an gcúnamh agus tacaíocht ar fad a thug sí don ábhar acmhainne seo.

## 1. Ginearálta

San imeacht seo taispeántar do mhic léinn, tríd iad a chur ag obair, cuid mhór de na gnéithe a bhaineann le suirbhé a líonadh, anailís a dhéanamh air agus é a thuairisciú. Cur síos ar am faoi leith atá ann "nóiméad sa saol" agus is féidir leis na glúnta a thagann inár ndiaidh ansin úsáid a bhaint as an eolas agus na staitisticí le comparáidí a dhéanamh.

Taispeánfar do mhic léinn conas anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar a suirbhé. Cuid fíorthábhachtach den obair seo go ndéanfaidh na mic léinn anailís ar a n-ábhar féin agus go mbainfidh siad smaointe agus eolas leathan as faoina ndearcadh, a nósanna agus faoina spreagthaí. Tá rangú déanta ar na ceisteanna sa suirbhé de réir na ngnéithe sin.

Ba cheart do na ranganna uilig san idirbhliain a bheith páirteach san imeacht seo. "Nóiméad sa saol" é an suirbhé a thabharfaidh léargas ar an lá atá inniu ann ach chomh maith le sin go mbeadh pictiúr ag na mic léinn le comparáid a dhéanamh leis sa todhchaí.

## 2. Am Ranga

Moltar gur ceart ceithre rang a chaitheamh leis an ábhar seo.

- **Rang a 1;** An raibh a fhios agat? (bileog 1)
  An chéad chéim (roinn 5 agus Aguisín 2)
  Is furasta duitse é sin a rá (bileog 2)
  Imeachtaí an Daonáirimh (cuid) (roinn 6)
- **Rang a 2;** Imeachtaí an Daonáirimh (an chuid eile) (roinn 6)
  Plé a dhéanamh ar a bhfuil sa cheistiúchán (bileog 3)
  Plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar an t-eolas a chur le chéile agus a bhailiú (ranna 7 agus 8)
  An suirbhé a líonadh isteach
- **Rang a 3;** Torthaí a chur le chéile (roinn 9)
- **Rang a 4;** Cuireann na mic léinn tuairisc le chéile
  Anailís ar an tuairisc (roinn10)

## 3. Cuspóirí Foghlama

- Modh oibre an tsuirbhé
- Torthaí an tsuirbhé a chur le chéile
- Tuairisc ar anailís ar shuirbhé na dtorthaí
- Plé agus eagrú "nóiméad sa saol"
- Is faoi rún a dhéanfar gach rud a bhaineann leis an suirbhé seo agus mar sin scríobhfaidh na mic léinn a n-ainm ar an mbileog inscartha ar a bhfuil uimhir chóid. Ar an suirbhé féin ní bheidh ach an uimhir chóid le feiceáil. Ar an gcaoi seo más mian le mic léinn dul ar ais chuig a gcód féin sa todhchaí beifear in ann teacht air leis an gcóras simplí éifeachtach seo. Ba cheart na bileoga inscartha agus na suirbhéanna cuí a chódú i mbosca agus iad a choinneáil i seomra an mhúinteora nó comhordnóra.

Do Rang a 1 tabhair amach **Bileog 1** atá istigh i bpacáiste an Mhúinteora.

NÓTA: Tá tuilleadh eolais ar gach rud a bhaineann le **Daonáireamh 2002** (leathanach na scoileanna san áireamh) ar fáil ag www.cso.ie

## Bileog 1 – An raibh a fhios agat?

Baineann ceist a dó ar an bhfoirm Daonáirimh le gnéas i.e. fireann/baineann. Cé go bhféadfadh duine ceapadh nach bhfuil sé tábhachtach, tá sé riachtanach sa mhéid is go dtugann sé cúnamh dúinn tuiscint a bheith againn ar an athrú atá tagtha ar rólanna na bhfear agus na mban inár dteaghlaigh agus inár bpobail. Murach an t-eolas seo ní bheadh a fhios againn go raibh leath de na mná sa lucht oibre pósta i 1996 i gcomparáid le 14% i 1971.

Sa bhliain 1950 dúnmharaíodh naonúr. Ach faoin mbliain 1999 bhí méadú tagtha ar an bhfigiúr seo go dtí tríocha hocht.

I nDaonáirimh 1986 agus 1991 bhí níos mó ban ag glacadh páirte san oideachas ná mar a bhí fir ag gach bliain aoise ó 15 go dtí 19 araon san áireamh. Ansin tá rátaí páirtíochta na bhfear níos airde do gach bliain ó 20-24 araon san áireamh. Sa Daonáireamh is déanaí, áfach, tá páirtíocht na mban níos mó do gach uile bhliain san aois ghrúpa idir 15-22. An rud is spéisiúla faoi seo do na haois ghrúpanna 23 agus 24, nuair a thagann laghdú mór ar pháirtíocht san oideachas, tá ráta páirtíochta na bhfear i bhfad níos mó ná ráta na mban.

**An raibh a fhios agat?**

I 1981 bhí 1,126 mac léinn bhaineann agus 1,405 mac léinn fhireann aois 9 mbliana déag agus ós a chionn ag taisteal chuig an scoil nó coláiste mar phaisinéirí i gcarr. Ach, i 1996 bhí méadú tagtha ar an bhfigiúr seo go dtí 4,663 agus 4,259.

Baineann ceist a trí ar fhoirm an Daonáirimh le teaghlaigh agus le háitribh clainne. Taispeánann t-eolas seo athruithe i ndéantus teaghlaigh agus tugann sé cúnamh don rialtas pleanáil a dhéanamh do chláracha tithíochta leasa shóisialaigh agus do sheirbhísí fostaíochta. Tuigeann muid anois go raibh a dhá oiread daoine scartha óna chéile i 1996 (87,800) agus a bhí i 1986 (37,200).

De réir an Daonáirimh i 1996 bhí 59,953 fear ag plé le tionscal na tógála ar bhonn lán-aimseartha agus ní raibh ach 1,236 bean ag plé leis an tionscal ar an mbonn céanna.

## 5. An Chéad Chéim

Tá sé mar aidhm ag an roinn seo mic léinn a chur ar an eolas maidir le fíricí a bhaineann le ceisteanna an lae in Éirinn. Tá sé tábhachtach go mbeadh mic léinn in ann a gcuid féin a dhéanamh den eolas. Ba cheart do na mic léinn eolas a bhaint as na staitisticí, a thabharfaidh deis dóibh comparáid a dhéanamh le staitisticí eile. Tá sé tábhachtach go mbaineann mic léinn úsáid as na fíricí seo le pictiúr dá sochaí féin a chur le chéile. Bailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh an cineál eolais seo le chéile agus cuireann sí ar fáil don phobal ansin é.

- **Iarr ar an rang tomhas cé mhéid daoine a bhí ag freastal ar oideachas tríú leibhéil i 1965, ag cur san áireamh gur daonra de bheagnach trí mhilliún a bhí ag an am sa tír.**

  Tabhair na roghanna seo a leanas don rang
  20,698
  84,920
  110,234

  Freagra:20,698
- **Iarr ar na mic léinn an céatadán den daonra a bhí ag freastal ar an oideachas tríú leibhéil ag an am sin a oibriú amach.**

  Freagra: 0.7%
- Cén chaoi a dtéann an figiúr seo i bhfeidhm ar an rang?
- Cén t-eolas a thugann sé dúinn faoin tsochaí ag an am?
- **Iarr ar na mic léinn anois an méid mac léinn a bhí ag freastal ar oideachas tríú leibhéil i 1999 nuair a bhí daonra de 3.74 million sa tír seo a scríobh síos.**

  Freagra: 122,626
- **Iarr ar an rang arís an figiúr seo a thabhairt duit mar chéatadán den daonra.**

Freagra: 3.3%

- Céard iad na fáthanna, dár leis na mic léinn, leis an athrú suntasach seo le dhá scór bliain?

Mar an gcéanna i 1981 bhí 82,130 fear agus 69,822 bean ag siúl chuig an obair. Faoi 1996 bhí an figiúr seo tite go dtí 67,964 fear ach bhí meadú tagtha air go dtí 80,412 i gcás na mban.

- Cén fáth a gceapann tú go siúlann níos mó ban chuig an obair ná fir?
- Má tá níos lú daoine ag siúl chuig an obair cén tionchar atá aige seo ar bhrú tráchta agus ar sláinte?

**Aguisín 1:** tá táblaí ar fáil ann a bheadh úsáideach le tuilleadh plé mar atá thuas a spreagadh.

Tar éis dóibh na figiúirí thuas a scrúdú iarr ar an rang ceithre fáth a scríobh síos le go gceapann siad go mbaineann tábhacht mhór leis an Daonáireamh maidir le coinníollacha sóisialta agus maireachtála muintir na hÉireann chomh maith le deis a thabhairt dúinn pleanáil don tír a bheidh againn sa fiche haonú aois.

**Tabhair amach Bileog 2 anois: Is Furasta Duitse é sin a Rá!**

**Bileog 2- Is Furasta Duitse é sin a Rá**

An Phríomh-Oifig Staidrimh a ritheann an Daonáireamh. Is faoi rún a bheidh an t-eolas ar fad coinnithe san oifig seo agus bainfear úsáid as ar mhaithe le staitisticí amháin, agus déanfar na torthaí a chur le chéile agus anailís orthu ar bhealach cothrom. Tá suas le 4,400 duine ag obair go páirtaimseartha leis an daonáireamh a dhéanamh ar an talamh. Tugtar Lucht Áirimh ar 4,000 acu seo agus tá cártaí aitheantais ag chuile dhuine acu.

- I 1996 bhí daonra de 3,626,087 in Éirinn. Bhí sé sin furasta a rá, nach raibh? Níor thóg sé ach nóiméad ort an t-eolas a thóg blianta le cur le chéile a rá. Obair mhór atá ann.
- Meastar go mbeidh an daonra i 2002 ar an gceann is airde ó bhí 1871 ann. An bhfuil aon tuairim agat cén fáth?

- **Féach aguisín 2 don daonra i ngach Daonáireamh idir 1841 agus 1996**

Bealach maith le tuiscint a fháil ar na gnéithe eagsúla a bhaineann le daonáireamh a rith agus a thuairisciú ceann a dhéanamh thú féin. Más mian leat daonáireamh nó suirbhé a dhéanamh sa scoil, breathnaigh ar an liosta ceisteanna nach mór duit a fhreagairt roimh tús a chur leis. (Tá na ceisteanna uilig nach mór deileáil leo agus a fhreagairt ar fáil sa roinn a bhaineann leis an eolas a chur le chéile). Nuair atá freagraí na gceisteanna seo ar fad agat, beidh sé éasca duit dul suas chuig duine agus a rá “Dia Dhuit! Cúpla ceist agam ort”

## 6. Imeachtaí an Daonáirimh

**Leideanna don Mhúinteoir**

- Déan cinnte go dtuigeann na mic léinn na ceisteanna ar fad sula bhfreagraíonn siad iad.
- B'fhéidir nach mbeidh aon chiall le ceist a haon i scoil aonghnéis ach tá sé curtha ar an gceistiúchán ar mhaithe le scoileanna measctha.
- Tá sé tábhachtach a mhíniú díreach CÉN CHAOI leis an suirbhé a líonadh. Freagra amháin atá ar chuile cheist. Nuair atá rogha déanta ag mac léinn iarrtar air/uirthi tic mar seo a chur sa bhosca ✓. Ach, i gcás botúin ba cheart an bosca a bhí mícheart a dhathú go hiomlán agus ansin rogha a dhéanamh maidir leis an gceist faoi leith sin. Mar shampla ■
- Cuir béim ar an tábhacht a bhaineann lena gcuid oibre ní amháin dá mbliain agus dá scoil ach do na glúnta atá le teacht ina ndiaidh. Seo an bhunchloch a bheidh ina slat tomhais don todhchaí.
- B'fhéidir go gceapfaidh cuid de na mic léinn go bhfuil ceist a 10 an-chosúil le ceist a 9. Tá sé tábhachtach míniú go mbaineann ceist a 9 le nithe intreacha nó inmheánacha agus go mbaineann ceist a 10 le nithe eistreacha nó seachtracha.
- Cé go bhfuil deich gceist sa suirbhé, ag brath ar méid na ranganna, b'fhéidir gur fearr a dfheileadh sé do mhúinteoirí agus do mic léinn anailís a dhéanamh ar chuid de na ceisteanna.
- . Mar shampla d'fhéadfadh rang díriú ar cheist 10 amháin agus b'fhéidir go mbeadh suim acu breathnú ar chosúlachtaí agus difríochtaí le grúpaí eile san Idirbhliain.

<u>Nóta: Bí cinnte cead a fháil ó Phríomhoide/Bainisteoir na scoile roimh ré.</u>

**<u>Tabhair amach bileog 3: Suirbhé na Mac Léinn ar Pleananna don Todhchaí</u>**

- Iarr ar na mic léinn na buntáistí a bhaineann leis an gceistiúchán atá ullamh a phlé ag cur na gceisteanna gonta, an leagan amach ilroghnach agus easpa ceisteanna oscailte san áireamh.
- Tá na ceisteanna ar an suirbhé ina ngrúpaí faoi na teidil:
  - **Nósanna**
  - **Dearcadh / Spreagthaí**
- Tá sé tábhachtach arís béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bheith ionraic mar beidh torthaí an tsuirbhé seo ina bhunús den "nóiméad sa saol" a chruthaíonn siad agus ina ábhar comparáide ag ranganna a thiocfaidh ina ndiaidh.
- Beidh an t-eolas a bhailigh sna mic léinn ina chúnamh le pictiúr den saol inniu a chur ar fáil chomh maith le deis a thabhairt dúinn an todhchaí a thuiscint. Iarr orthu a mhíniú cén tionchar atá aige seo orthu. Táthar ina gceannródaithe i suirbhé fíor thábhachtach agus fad-théarmach.

## 7. An t-eolas a bhailiú

- Cé a bheidh ag freagairt na gceisteanna?
- An mbeidh lucht áirimh ann nó an gcuirfear bileog ar fáil le líonadh isteach agus le tabhairt suas?
- Cén chaoi a gcinnteoidh tú go bhfuil sonraí na bhfreagróirí coinnithe faoi rún má thugann siad a gcuid ainmneacha?
- An bhfuil poiblíocht ag teastáil uait?
- Céard a dhéanfaidh tú má bhíonn duine as baile nó muna dtagann aon fhreagra uaidh/uaithi?
- Ba cheart don mhúinteoir ranga liosta a choinneáil díbh siúd a bhí as láthair ar an lá agus má tá an rang sásta ba cheart go mbeadh deis acu an suirbhé a líonadh ag am eile.
- Cén chaoi a ndéanfaidh tú cinnte nach mbeidh gach duine san áireamh ach uair amháin?
- Moltar go mbeadh liosta na mac léinn ag an múinteoir agus ba cheart tic a chur le hainmneacha na ndaoine atá i láthair.
- Cén chaoi a mbeidh a fhios agat gur tháinig na foirmeacha ar fad ar ais?
- Le cinntiú go bhfuil na foirmeacha ar fad tagtha ar ais d'fhéadfadh an múinteoir breathnú ar liosta an ranga.

## 8. An t-eolas a chur le chéile

- Cén chaoi a ndéanfar cinnte go bhfuil na ceistiúcháin líonta go hiomlán?
- Ar mhaithe le chuile rud a choinneáil faoi rún b'fhearr gurb é/í an múinteoir a bhreathnaíonn ar na bileoga inscartha.
- Cé a dhéanfaidh na bileoga leis na hainmneacha a scaireadh ó na páipéir leis an uimhir chóid?
- Cá gcuirfear na bileoga sin?
- Cén chaoi a ndéanfar bileoga an tsuirbhé a chodú? Céard faoi na bileoga achoimre?
- Cén chaoi gur féidir a bheith cinnte go bhfuileadar sábháilte?

*Is féidir na rudaí sin thuas ar fad a shásamh má choinníonn an múinteoir iad ina s(h)eomra mar a dúradh cheana.*

- Cén chaoi a ndéanfar achoimre ar an eolas? (Táblaí, léaráidí, cairteanna)
- An bhfuil fáil agat ar ríomhaire nó an bhfuil tú ag brath ar chomhaireamh láimhe?
- Más comhaireamh láimhe a bheidh i gceist ba cheart smaoineamh go mbeidh an próiséas seo níos faide ná an comhaireamh a dhéanamh le ríomhaire.
- Cén chaoi a ndéanfar cinnte nach bhfuil aon bhotúin déanta agus na torthaí dhá gcur le chéile ?

- Más ar ríomhaire atá na torthaí dhá chur le chéile, cén sórt bancsonraí a bheidh agat? Thíos tá sampla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach lena aghaidh. Beidh go leor ama ag teastáil leis an gcuid seo den phróiséas a chur i gcrích agus mar sin tá sé tábhachtach a bheith eagraithe go maith sula gcuireann tú tús leis na torthaí a chur le chéile. Moltar don mhúinteoir dalta amháin a roghnú leis an múnla a chur le chéile don cheist atá piocaithe ag an rang le díriú uirthi. Ní bheidh le déanamh ansin ag an rang ach na torthaí a chur le chéile.
- Má tá cailíní agus buachaillí sa rang ba cheart don mhúinteoir na torthaí a roinnt sna grúpaí sin agus mar sin beidh deis ag na mic léinn comparáidí a dhéanamh.
- Tá sé fíor-thábhachtach an modh oibre a bheidh in úsáid leis na torthaí a chur le chéile a phlé leis an rang roimh ré. Beidh an chuid is mó ama caite leis an ngné seo agus tá sé tábhachtach a bheith fíor eagraithe sula gcuireann tú tús leis na torthaí a chur le chéile.
- Sampla é an múnla thíos den chineál rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideach nuair atá achoimre dhá dhéanamh ar an eolas.
- Más comhaireamh láimhe a bheidh ann cén chaoi a ndéanfaidh tú an t-eolas a thaifead – ar fhoirm, ar chlár dubh, bealach eile?

## 9. Na torthaí a chur le chéile

Seo a leanas samplaí den bhealach gur féidir le rang
**1)** Achoimre a dhéanamh ar an eolas a bhaillíonn siad le haghaidh ceist 3, ag baint úsáide as na códanna a thugtar do gach freagra.
*(Nóta: tá eolas sonrach ar fáil san achoimre ag leibhéal aonair agus mar sin níl sé feiliúnach le cur ar taispeántas.)*

| Uimhir an Mhic Léinn* | 3A | 3B | 3C | 3D |
|---|---|---|---|---|
| R01 | ✔ | | | |
| R02 | | | ✔ | |
| R03 | | ✔ | | |
| R04 | | | | ✔ |
| R05 | | ✔ | | |
| R06 | | ✔ | | |
| R07 | | ✔ | | |
| Iomlán | 1 | 4 | 1 | 1 |

**ie uimhir ar an mbileog inscartha*

**2)** Cuir na torthaí ar fáil i dtábla **Méid Uaireanta a caitheadh an tSeachtain seo caite ag plé le hObair Dheonach**

| | Tada | Faoi 5 | 5-9 | 10 nó níos mó |
|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 1 | 4 | 1 | 1 |

**3)** Bain úsáid as difríochtaí rangaithe
Roimh na torthaí a chur le chéile is féidir cinneadh a dhéanamh an bhfuil difríochtaí rangaithe le bheith san áireamh. Mar shampla, gnéas, agus más comhaireamh láimhe atá i gceist ba cheart na foirmeacha comhlánaithe a roinnt ar dtús de réir gnéis agus ansin achoimre a dhéanamh ar na fir lena chéile agus ar na mná lena chéile. D'fhéadfaí ansin tábla den chineál seo a leanas a chur le chéile.

**Méid Uaireanta a caitheadh an tSeachtain seo caite ag plé le hObair Dheonach rangaithe de réir gnéis**

| Gnéas | Méid Uaireanta Oibre | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Tada | Faoi 5 | 5-9 | 10 nó níos mó |
| **Fir** | 1 | 1 | | 1 |
| **Mná** | | 3 | 1 | |
| **Iomlán** | 1 | 4 | 1 | 1 |

## 10. An t-eolas a thuairisciú

- Cén chaoi a ndéanfaidh tú an t-eolas a thuairisciú?
- Cén táblaí gur mhaith leat a dhéanamh?
- An mian leat léaráidí a chur san áireamh, mar shampla barrachairt/píchairt
- An mbeadh sé níos fearr an t-eolas a chur ar fáil mar chéatadáin?
- An ceart dúinn príomhthuairisc a chur le chéile ar na torthaí ar fad?
- An ceart dúinn cóip den tuairisc seo a chódú leis na bileoga inscartha agus le bileoga an tsuirbhé?
- An féidir an t-eolas a fhoilsiú i nuachtlitir na scoile?

**Bileog 3: Suirbhé na Mac Léinn ar Phleananna don Todhchaí**

**Treoracha**

- Dean cinnte go bhfuil uimhir bhileoige agat e.g. R01, R02, &rl agus go bhfuil an uimhir chéanna ar an mbileog inscartha agus ar an gceistiúchán.
- Cuir marc sa bhosca le taobh gach ceist le freagra a roghnú.
- Cuir tic mar seo a leanas sa bhosca le freagra a thabhairt ✔ .
- Má dhéanann tú botún líon isteach an bosca mar seo a leanas ■.
- Is faoi rún a phléifear le do chuid freagraí agus déanfar achoimre ar an eolas a thuairisciú.
- Go raibh maith agat as an am a thóg tú leis an suirbhé seo a chomhlánú. Tá sé tábhachtach páirt a ghlacadh sa suirbhé ar mhaithe le heolas cruinn a chur le chéile.

**Uimhir Bhileoige: …………. Ainm:……………………..**

---

**Uimhir Bhileoige: ………….**

**Ceist a 1. Cé acu seo thú?**

*Cód*

1a ☐ Fireann
1b ☐ Baineann

**Nósanna**

**Ceist a 2. Cé mhéid uaireanta a chaith tú an tseachtain seo caite ag obair ar son íocaíochta?** *(Cuir tic i mbosca amháin.)*

2a ☐ Tada
2b ☐ Faoi 5
2c ☐ 5-9
2d ☐10-14

**Ceist a 3. Cé mhéid uaireanta a chaith tú an tseachtain seo caite ag obair gan íocaíocht? (eg. i bhfeighil linbh, obair an tí &rl) (***Cuir tic i mbosca amháin.***)**

3a ☐ Tada
3b ☐ Faoi 5
3c ☐ 5-9
3d ☐10+

**Ceist a 4. Cé mhéid uaireanta a chaith tú an tseachtain seo caite le hobair bhaile/ tionscnaimh?** (*Cuir tic i gceann amháin*.)

4a ☐ Faoi 2
4b ☐ 2-5
4c ☐ 6-9
4d ☐ 10 nó níos mó

## Spreagthaí & Cuspóirí

**Ceist a 5. Tar éis na meánscoile cé acu seo a bhfuil sé ar intinn agat déanamh?** (*Cuir tic i mbosca amháin*)

5a ☐ Printíseacht
5b ☐ Post lán-aimseartha a fháil
5c ☐ Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta
5d ☐ Oideachas Tríú Leibhéil
5e ☐ Taisteal
5f ☐ Eile

**Ceist a 6. Cé acu de na gairmeacha seo a leanas IS MÓ a mbeadh spéis agat ann tar éis na scoile?** (*Cuir tic i mbosca amháin*)

6a ☐ Tionscal na Tógála
6b ☐ Obair Chléireach agus Oifige
6c ☐ Innealtóireacht & Ceirdeanna
6d ☐ Feirmeoireacht/Iascaireacht/Foraoiseacht
6e ☐ Obair san Earnáil Sláinte
6f ☐ Seirbhísí Pearsanra (*Óstán/Lónadóireacht/Cúram leanaí*)
6g ☐ Díolacháin
6h ☐ Múinteoireacht
6i ☐ Eile

**Ceist a 7. Cé acu de hábhair seo a leanas is mó a thaitníonn leat?** (*Cuir tic i mbosca amháin*)

7a ☐ Cuntasaíocht
7b ☐ Ealaín
7c ☐ Bitheolaíocht
7d ☐ Staidéir Ghnó
7e ☐ Béarla
7f ☐ Fraincis
7g ☐ Tíreolaíocht
7h ☐ Gearmáinis
7i ☐ Stair
7j ☐ Gaeilge
7k ☐ Matamaitic
7l ☐ Fisic
7m ☐ Reiligiún

**Ceist a 8. Cé acu seo a leanas is mó a spreagann tú i dtreo do rogha gairme? (***Cuir tic i mbosca amháin***)**

8a ☐ Uaillmhian
8b ☐ Comórtas
8c ☐ Airgead
8d ☐ Tuismitheoirí
8e ☐ Córas na bpóintí

**Ceist a 9. Cé acu seo a leanas is mó a bheadh tionchar aige ort maidir le do ghairm a roghnú? (***Cuir tic i gceann amháin***)**

9a ☐ Gairm Threoir
9b ☐ Airgead atá ar fáil (*ón ngairm*)
9c ☐ Cairde
9d ☐ Aithne a bheith agat ar dhuine a oibríonn sa réimse seo
9e ☐ Tuismitheoirí
9f ☐ Stádas a bhaineann leis an ngairm
9g ☐ Múinteoirí
9h ☐ Eile

**Ceist a 10. Cén bac is mó a cheapann tú a chuirfeadh isteach ort do chuspóirí gairme a bhaint amach? (***cuir tic ar cheann amháin***)**

10a ☐ Scapaithe ag cairde
10b ☐ Gan a bheith in ann ábhar staidéir a réiteach
10c ☐ Dualgais a bhaineann le hobair pháirtaimseartha
10d ☐ Pointí riachtanacha
10e ☐ Am saoire a theastaíonn uait

# Aguisín 1: Táblaí ilghnéitheacha le heolas ó dhaonáirimh a déanadh cheana

**TÁBLA 1: Gairmeacha leis an leibhéal is mó idirdhealaithe, 1996**

| Gairm Bheatha | Mná mar % den iomlán | Gairm Bheatha | Fir mar % den iomlán |
|---|---|---|---|
| Saoir Bhrící | 0.3 | Rúnaithe | 1.8 |
| Pláistéirí | 0.4 | Daoine i bhfeighil an tí | 2.9 |
| Saoir Dhín | 0.5 | Fáilteoirí | 3.0 |
| Tiománaithe Fearais Mheicniúil | 0.5 | Raideagrafaithe | 6.7 |
| Siúinéirí | 0.6 | Altraí | 7.6 |
| Oibrithe Tógála Bóthair | 0.6 | Fisiteiripithe | 8.8 |
| Meicneoirí Mótair | 0.6 | Cúntóirí Oideachais | 9.5 |
| Tógálaithe | 0.8 | Meaisíneoirí Fuála | 11.4 |
| Oibrithe Píopaí a chur síos | 0.9 | Gruagairí & Bearbóirí | 12.7 |
| Oibrithe Tógála Iarnróid | 0.9 | Cúntóirí Lonadóireachta | 13.3 |

**TÁBLA 2: Céatadán de fhir agus de mhná atá idir 15 agus 24 bliain d'aois atá ag freastal ar oideachas lán-aimseartha, 1991 agus 1996**

| Aois | 1991 | | 1996 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Fir | Mná |
| 5 bhliain déag | 94.3 | 96.2 | 96.3 | 97.5 |
| 6 bhliain déag | 84.5 | 91.4 | 88.3 | 93.8 |
| 7 mbliana déag | 71.1 | 83.0 | 78.7 | 88.1 |
| 8 mbliana déag | 50.9 | 61.9 | 59.8 | 71.7 |
| 9 mbliana déag | 35.4 | 40.1 | 43.3 | 53.3 |
| **Iomlán 15-19** | 67.8 | 75.1 | 74.4 | 81.8 |
| 20 bliain | 27.6 | 26.7 | 35.7 | 41.2 |
| Bliain is fiche | 20.1 | 18.6 | 28.4 | 30.4 |
| 2 bhliain is fiche | 13.3 | 10.7 | 19.0 | 19.1 |
| 3 bhliain is fiche | 8.0 | 6.0 | 11.4 | 10.8 |
| 4 bhliain is fiche | 4.8 | 3.3 | 6.9 | 6.2 |
| **Iomlán 20-24** | 15.5 | 13.7 | 20.7 | 21.9 |
| **Iomlán 15-24** | 44.6 | 47.9 | 49.6 | 53.9 |

## Aguisín 1 (ar lean)

**TÁBLA 3: Céatadán na ndaoine atá imithe ón oideachas lán-aimseartha, rangaithe de réir aoise nuair a d'fhág siad an t-oideachas, 1981-1996**

| Bliain | Aois ar stop sé/sí ag freastal ar an oideachas lán-aimseartha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Faoi 5 bhliain déag | Faoi 6 bhliain déag | Faoi 7 mbliana déag | Faoi 8 mbliana déag | Faoi 9 mbliana déag | Iomlán atá imithe ón oideachas lán-aimseartha (gan aois a bheith tugtha san áireamh) |
| **1981** | 36.8 | 49.7 | 66.2 | 77.8 | 89.9 | 100.- |
| **1986** | 28.6 | 41.8 | 60.1 | 73.1 | 88.0 | 100.- |
| **1991** | 27.8 | 40.0 | 57.6 | 70.9 | 86.6 | 100.- |
| **1996** | 23.9 | 34.9 | 50.8 | 64.4 | 80.8 | 100.- |

**Tábla 4: Meánachar le taisteal chuig an scoil nó coláiste, 1996**

| | Meánachar taistil (mílte) | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Stát** | **Cathair** | **Tuaithe** |
| **Bunscoil (5-12 bliana)** | | | |
| 1981 | 1.5 | 1.1 | 2.1 |
| 1986 | 1.5 | 1.1 | 2.1 |
| 1991 | 1.5 | 1.1 | 2.1 |
| 1996 | 2.0 | 1.5 | 2.6 |
| **Meánscoil (13-18 bliana)** | | | |
| 1981 | 3.3 | 1.8 | 5.1 |
| 1986 | 3.3 | 1.9 | 5.1 |
| 1991 | 3.6 | 2.0 | 5.5 |
| 1996 | 4.4 | 2.5 | 6.4 |
| **Tríú Leibhéal (9 mbliana d'éag agus os a chionn)** | | | |
| 1981 | 4.6 | 3.8 | 8.9 |
| 1986 | 5.0 | 3.9 | 9.7 |
| 1991 | 5.7 | 4.5 | 10.7 |
| 1996 | 7.3 | 5.2 | 14.8 |

## Aguisín 1 (ar lean)

**TÁBLA 5: Módh taistil chuig an scoil nó coláiste, 1981 agus 1996**

| **Módh taistil** | **Bunscoil** | | **Meánscoil** | | **3ú Leibhéal** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1981 | 1996 | 1981 | 1996 | 1981 | 1996 |
| | % | | | | | |
| Ag siúl | 47.3 | 33.0 | 30.0 | 27.6 | 23.5 | 31.0 |
| Rothar | 4.0 | 2.5 | 12.9 | 7.6 | 22.7 | 12.5 |
| Bus | 19.1 | 21.4 | 37.5 | 38.5 | 20.7 | 27.5 |
| Traein | 0.1 | 0.1 | 0.9 | 1.3 | 4.2 | 6.3 |
| Gluaisrothair | 0.0 | 0.0 | 0.3 | 0.1 | 3.7 | 0.7 |
| Tiománaí Cairr | 0.0 | 0.0 | 0.1 | 0.3 | 7.3 | 5.9 |
| Paisinéir Cairr | 19.7 | 35.8 | 8.0 | 19.3 | 7.7 | 8.8 |
| Eile( leoraí/veain san áireamh) | 0.2 | 0.5 | 0.2 | 0.4 | 0.5 | 0.5 |
| Tada | 1.3 | 1.0 | 4.8 | 1.9 | 4.8 | 2.3 |
| Níor tugadh aon fhreagra | 8.2 | 5.8 | 5.4 | 3.1 | 4.9 | 4.5 |
| **Iomlán** | **100.0** | **100.0** | **100.0** | **100.0** | **100.0** | **100.0** |

## Aguisín a 2: Daonra i ngach Daonáireamh ón mbliain 1841

| Bliain an Daonáirimh | An Stát | Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Connacht | Cúige Uladh (cuid) |
|---|---|---|---|---|---|
| **1841** | 6,528,799 | 1,973,731 | 2,396,161 | 1,418,859 | 740,048 |
| **1851** | 5,111,557 | 1,672,738 | 1,857,736 | 1,010,031 | 571,052 |
| **1861** | 4,402,111 | 1,457,635 | 1,513,558 | 913,135 | 517,783 |
| **1871** | 4,053,187 | 1,339,451 | 1,393,485 | 846,213 | 474,038 |
| **1881** | 3,870,020 | 1,278,989 | 1,331,115 | 821,657 | 438,259 |
| **1891** | 3,468,694 | 1,187,760 | 1,172,402 | 724,774 | 383,758 |
| **1901** | 3,221,823 | 1,152,829 | 1,076,188 | 646,932 | 345,874 |
| **1911** | 3,139,688 | 1,162,044 | 1,035,495 | 610,984 | 331,165 |
| **1926** | 2,971,992 | 1,149,092 | 969,902 | 552,907 | 300,091 |
| **1936** | 2,968,420 | 1,220,411 | 942,272 | 525,468 | 280,269 |
| **1946** | 2,955,107 | 1,281,117 | 917,306 | 492,797 | 263,887 |
| **1951** | 2,960,593 | 1,336,576 | 898,870 | 471,895 | 253,252 |
| **1956** | 2,898,264 | 1,338,942 | 877,238 | 446,221 | 235,863 |
| **1961** | 2,818,341 | 1,332,149 | 849,203 | 419,465 | 217,524 |
| **1966** | 2,884,002 | 1,414,415 | 859,334 | 401,950 | 208,303 |
| **1971** | 2,978,248 | 1,498,140 | 882,002 | 390,902 | 207,204 |
| **1979** | 3,368,217 | 1,743,861 | 979,819 | 418,500 | 226,037 |
| **1981** | 3,443,405 | 1,790,521 | 998,315 | 424,410 | 230,159 |
| **1986** | 3,540,643 | 1,852,649 | 1,020,577 | 431,409 | 236,008 |
| **1991** | 3,525,719 | 1,860,949 | 1,009,533 | 423,031 | 232,206 |
| **1996** | 3,626,087 | 1,924,702 | 1,033,903 | 433,231 | 234,251 |